



An Coimisiún
Eorpach

Identifikačné číslo študenta:

Jazyková kombinácia:

E N >

Identifikačné číslo študenta:

Jazyková kombinácia:

E N >

Rialacha Comórtais *Juvenes translatores*

RÉAMHRÁ	2
OBAIR ULLMHÚCHÁIN	2
AN COMÓRTAS AISTRIÚCHÁIN	3
AN SEARMANAS BRONNTA	3
OBAIR ULLMHÚCHÁIN	3
1. SEOLADH AN CHOMÓRTAIS AGUS CLÁRÚ NA SCOILEANNA	3
1.1. Cé na scoileanna atá in ann a bheith rannpháirteach?	4
1.2. Clárú na scoileanna	4
1.3. Cén gealltanais a thugann an scoil ar chlárú dí?	5
1.4. An trealamh teicneolaíochta cuí	5
2. ROGHNÚ NA SCOILEANNA	6
3. CLÁRÚ NA RANNPHÁIRTITHE	7
3.1. Clárú na rannpháirtithe ar ardán an chomórtais	7
3.2. Conas a roghnófar na rannpháirtithe?	7
3.3. Cad mar gheall ar chosaint sonraí pearsanta?	8
3.4. Péirí teangacha	8
COMÓRTAS AISTRIÚCHÁIN	8
4. AN COMÓRTAS A EAGRÚ AGUS LÁ AN CHOMÓRTAIS FÉIN	8
4.1. Rannpháirtithe atá faoi mhíchumas	10
4.2. Cé air a bhfuil socrúithe praiticiúla an scrúdaithe de chúram?	10
4.3. An bhfuil cead ag na rannpháirtithe foclóirí agus bogearraí aistriúcháin a úsáid i rith an scrúdaithe?	11
5. NA HAISTRIÚCHÁIN A MHEAS AGUS A FHOILSIÚ	11
5.1. Measúnú	11
5.2. Cé na critéir a úsáidfeadh le measúnú a dhéanamh ar na haistriúcháin?	12
5.3. Fógairt na mbuaiteoirí agus an fhoirm eisiúna	12
AN SEARMANAS BRONNTA	13
6. AN SEARMANAS BRONNTA	13
7. COSTAIS	13
8. LÉIRMHÍNIÚ AR NA RIALACHA AGUS AR NA TREORACHA	13
An bhfuil tuilleadh eolais uait?	14

RÉAMHRÁ

Tá **comórtas aistriúcháin ar líne** do mheánscoileanna san Aontas Eorpach, *Juvenes Translatores 2021*, á reáchtáil ag Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh.

Seo iad príomhchéimeanna an chomórtais:

- **obair ullmhúcháin**
- **an comórtas aistriúcháin ar líne**
- **moltaí speisialta** ar aistriúcháin atá thar barr, agus
- **searmanas bronnta do na buaiteoirí.**

Tá rialacha mionsonraithe an chomórtais agus treoracha i dtaca le gach céim den phróiseas leagtha amach thíos i míreanna 1–8.

OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Áirítear leis sin:


- fógra an chomórtais
- clárú na scoileanna
- roghnú randamach na scoileanna a bheidh páirteach
- clárú na rannpháirtithe ag a scoileanna féin, agus
- an t-ullmhúchán ar an láthair (féach míreanna 1–3).

Is é Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin a **fhógróidh an comórtas** ar shuíomh gréasáin oifigiúil *Juvenes Translatores*... https://ec.europa.eu/info/education/juvenes-translatores_en agus is ansin a chuirfear an nasc ar fáil chuig ardán an chomórtais le haghaidh clárúcháin.

... agus ar na meáin shóisialta:

Facebook: <https://www.facebook.com/translatores/>

Instagram: <https://www.instagram.com/translatingforeurope>

 Más maith leat do scoil a bheith páirteach, **cláraigh ar ardán an chomórtais idir 12 PM (Am Lár na hEorpa), an 2 Meán Fómhair, agus 12 PM (Am Lár na hEorpa), an 20 Deireadh Fómhair 2021** (féach mír 1) – foilseofar an nasc chuig ardán an chomórtais ar [shuíomh gréasáin oifigiúil JT](#) agus ar na meáin shóisialta a luaithe is a bheidh an próiseas clárúcháin ar oscailt.

Déanfar **tarraingt randamach** (féach mír 2) le scoileanna a roghnú chun páirt a ghlacadh sa chomórtas.

Beidh cead ag gach scoil a roghnófar **idir 2 agus 5 rannpháirtithe a chlárú**. Ní mór duit a n-ainmneacha agus na péirí teangacha atá roghnaithe acu a chlárú (is é sin an teanga óna n-aistroidh siad agus an teanga ina n-aistroidh siad isteach inti) ar ardán an chomórtais faoin **16 Samhain 2021 ar a dhéanaí** (féach mír 3).

Faoi do scoil féin atá sé **an t-imeacht a eagrú ar an láthair**. Ciallaíonn sé sin gur faoin scoil féin atá sé na socruithe praiticiúla ar fad a dhéanamh, cuir i gcás an t-ionad scrúdaithe, an fhoireann agus na háiseanna cuí ríomhaireachta a chur ar fáil (féach mír 1.1), agus deimhin a

dhéanamh de go nglacann na rannpháirtithe páirt sa chomórtas faoi dhálaí córa neamhchlaonta (féach mír 1.3, mír 4 agus mír 7).

AN COMÓRTAS AISTRIÚCHÁIN

Reáchtálfar an **comórtas an 25 Samhain 2021**, idir **10 AM - 12 PM** (Am Lár na hEorpa).

Ar an lá féin, beidh ar gach rannpháirtí an t-ainm úsáideora agus an pasfhocal a tugadh dóibh nuair a cláraíodh iad a úsáid chun logáil isteach ar ardán na rannpháirtithe an chomórtais. Nuair a logálfaidh na rannpháirtithe isteach ina bpróifíl féin, tiocfaidh an téacs atá le haistriú aníos ar an scáileán. Ní mór do na rannpháirtithe an t-aistriúchán a dhéanamh ar líne (ní ar pháipéar) agus é a chur isteach ar ardán na rannpháirtithe. Reáchtálfar an comórtas de réir na socruithe ar leith a dhéanfaidh na scoileanna féin. Ní mór na haistriúcháin a dhéanamh le linn an ama oifigiúil atá sannta don chomórtas (féach mír 4).

Déanfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin **measúnú** ar na haistriúcháin ar fad agus roghnófar **aistriúchán buaiteach amháin as gach tír den Aontas Eorpach** (féach mír 5).

AN SEARMANAS BRONNTA

Tabharfar cuireadh do na **buaiteoirí** freastal ar **shearmanas bronnta** sa Bhruiséil in **earrach na bliana 2022**. Íocfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin costais taistil agus lóistín do bhuaiteoir amháin, do dhuine fásta tionlacain amháin agus do mhúinteoir amháin as gach tír (féach mír 6).

Foilseofar gach eolas tábhachtach faoin gcomórtas go rialta ar [shuíomh gréasáin oifigiúil *Juvenes Translatores* \(JT\)](#) agus ar na meáin shóisialta. Má tá tú ar dhuine de na múinteoirí atá freagrach as an gcomórtas seo i do scoil, caith súil ghrinn ar na foinsí eolais seo go rialta le do thoil ionas nach gcaillfidh tú aon eolas tábhachtach.

OBAIR ULLMHÚCHÁIN

1. SEOLADH AN CHOMÓRTAIS AGUS CLÁRÚ NA SCOILEANNA

Seolfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin an comórtas ar [shuíomh gréasáin oifigiúil *Juvenes Translatores* \(JT\)](https://ec.europa.eu/info/education/juvenes-translatores_ga) (https://ec.europa.eu/info/education/juvenes-translatores_ga) :

an 2 Meán Fómhair 2021, ag 12 PM (Am Lár na hEorpa).

Más mian le do scoil páirt a ghlacadh sa chomórtas, ní mór coinníollacha áirithe a chomhlíonadh (féach mír 1.1).

Chun páirt a ghlacadh, ní mór do do scoil **clárú ar ardán an chomórtais** (féach mír 1.2) – foilseofar an nasc ar [shuíomh gréasáin oifigiúil JT](#) agus ar na meáin shóisialta nuair a bheidh an clárú ar oscailt.

Is ionann an clárú agus do scoil gealltanais áirithe a thabhairt (féach mír 1.3).

1.1. Cé na scoileanna atá in ann a bheith rannpháirteach?

Níl cead ach ag meánscoileanna a bheith páirteach sa chomórtas. Níl an comórtas seo ar oscailt do scoileanna ina múinteoir teangacha i ranganna teanga oíche ná d'eagraíochtaí a chuireann cúrsaí teanga den chineál céanna ar fáil nach bhfuil mar chuid den churaclam iarbhunscóile.

Chun páirt a ghlacadh sa chomórtas, ní mór don scoil an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith i dtír de chuid an Aontais Eorpaigh;
- a bheith aitheanta ag údarais oideachais tíre amháin nó níos mó de chuid an Aontais Eorpaigh;
- idir 2-5 rannpháirtithe **a rugadh in 2004** a chlárú;
- **rochtain a bheith aici ar an idirlíon;**
- an trealamh teicneolaíochta cuí a bheith aici (féach mír 1.4).

1.2. Clárú na scoileanna

Sular féidir clárú, ní mór don mhúinteoir atá i gceannas **cead an phríomhoide a fháil le go mbeidh an scoil páirteach sa chomórtas** (ní féidir ach le múinteoirí an scoil a chlárú, ní daltaí).

Ní mór don scoil an t-eolas seo a leanas a thabhairt sa chlárú (**aon chlárú amháin in aghaidh na scoile**):

- ainm agus seoladh na scoile;
- ainm an mhúinteora atá i gceannas, agus;
- seoladh ríomhphoist bailí amháin ar a laghad.

Toisc gurb é **an seoladh ríomhphoist seo an t-aon mhodh cumarsáide a bheidh againn** leis an scoil:

- déan an bosca ríomhphoist a sheiceáil go rialta (an bosca turscáir ó am go chéile freisin), agus
- déan deimhin de nach bhfuil sé lán.

Na scoileanna sin ar mian leo páirt a ghlacadh sa chomórtas, **ní mór dóibh clárú ar ardán an chomórtais** – foilseofar an nasc ar [shuíomh gréasáin oifigiúil JT](#) agus ar na meáin shóisialta nuair a bheidh an clárú ar oscailt.

Beidh an clárú ar oscailt idir **12 PM, an 2 Meán Fómhair (Am Lár na hEorpa), agus 12 PM, an 20 Deireadh Fómhair 2021 (Am Lár na hEorpa)**. Ní ghlacfar le foirmeacha neamhiomlána ná déanacha.

Ní mór don scoil cuntas, ainm úsáideora agus pasfhocal a chruthú don scoil – breac síos go cúramach iad seo mar beidh siad ag teastáil gach uair a logálfaidh tú isteach ar ardán an chomórtais (lá an chomórtais san áireamh nuair a bheidh na rannpháirtithe ag iarraidh teacht ar an suíomh) – agus na réimsí is gá don chlárú a líonadh isteach.

Ní mór ainm na scoile a chur isteach ina iomláine, ag baint úsáid as mórlitreacha i gcás inar gá agus gach litir shonrach agus diaicritic shonrach is gá i dteanga na scoile. Níl cead giorrúcháin a úsáid. Samplaí: Ukmergēs Šilēs Šilevičiaus gimnazija.

1.3. Cén gealltanais a thugann an scoil ar chlárú di?

Nuair a chláraíonn scoil, tá sí ag tabhairt gealltanais go gcloífidh sí le rialacha agus treoracha an chomórtais agus, má roghnaítear í, go n-eagróidh sí an scrúdú aistriúcháin sa scoil an **25 Samhain 2021**.

Ina measc sin:

- rannpháirtithe a rugadh in 2004 a roghnú agus a chlárú
- na háiseanna cuí, an trealamh teicneolaíochta cuí (féach mír 1.4) agus foireann a chur ar fáil don scrúdú aistriúcháin
- é a chur ar chumas na rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa chomórtas
- deimhin a dhéanamh de go bhfuil na rannpháirtithe a roghnaíodh, agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí, ar an eolas faoi na rialacha agus na treoracha seo agus go nglacann siad leo
- deimhin a dhéanamh de go réachtálfar an comórtas go cóir agus go neamhchlaonta, agus
- i gcás go roghnófar duine de na rannpháirtithe sa scoil ina bhuaiteoir, cead a thabhairt dó agus dá mhúinteoir am saoire a thógáil ón scoil chun freastal ar an searmanas bronnta sa Bhruiséil.

Má roghnaítear an scoil don chomórtas, toilíonn sí go bhfoilseofar a hainm ar [shuíomh gréasáin oifigiúil *Juvenes Translatores*](#).

Mura gcomhlíonann an scoil na gealltanais sin d'fhéadfaí í a eisiáimh ón gcomórtas.

1.4. An trealamh teicneolaíochta cuí

- Ríomhaire amháin in aghaidh an rannpháirtí
- An méarchlár ceart don sprioctheanga
- Caithfeadh an trealamh teicneolaíochta a shocrú in am trátha roimh thús an scrúdaithe

Is í an scoil féin atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an nasc idirlín (1Mbit/s ar a laghad) agus an trealamh teicneolaíochta ar fad i bhfearas ceart oibre.

Na riachtanais theicniúla do na ríomhairí:

- Córais oibriúcháin:
 - Windows 10 nó leagan níos déanaí
 - iOS 12 nó leagan níos déanaí
- Brabhsálaithe:
 - Chrome 90 nó leagan níos déanaí
 - Firefox 85 nó leagan níos déanaí

- Safari 14 nó leagan níos déanaí
- Edge 86 nó leagan níos déanaí
- Opera 72 nó leagan níos déanaí

Níor cheart go mbeadh aon bhreiseán ar na brabhsálaithe, bacairí fógraí nó seiceálaithe litrithe, cuir i gcás. Ba cheart JavaScript a bheith cumasaithe.

2. ROGHNÚ NA SCOILEANNA

Nuair a thagann deireadh leis an tréimhse chlárúcháin, déanfar tarraingt leictreonach randamach chun scoileanna a roghnú don chomórtas as measc na scoileanna a chláraigh.

Beidh an líon scoileanna a roghnófar ó gach tír cothrom leis an líon suíochán atá ag tír na scoile i bParlaimint na hEorpa:

Ballstát	Scoileanna
An Ostair	19
An Bheilg	21
An Bhulgáir	17
An Chróit	12
An Chipir	6
An tSeicia	21
An Danmhairg	14
An Eastóin	7
An Fhionlainn	14
An Fhrainc	79
An Ghearmáin	96
An Ghréig	21
An Ungáir	21
Éire	13
An Iodáil	76
An Laitvia	8
An Liotuáin	11
Lucsamburg	6
Málta	6
An Ísiltír	29
An Pholainn	52
An Phortaingéil	21
An Rómáin	33
An tSlóivéin	8
An tSlóvaic	14
An Spáinn	59
An tSualainn	21
IOMLÁN	705

Le haghaidh an roghnúcháin sin, **áireofar gach scoil i gcuóta na tíre ina bhfuil an scoil sin suite**. Mar shampla an scoil Spáinneach *IES Liceo español* ‘Luis Buñuel’ atá suite sa Fhrainc, chuirfí i gcuntas i gcuóta na Fraince í.

Foilseofar **liosta na scoileanna a roghnaíodh** ar [shuíomh gréasáin oifigiúil JT](#) faoi dheireadh **Dheireadh Fómhair 2021**. Is liosta críochnaitheach an liosta sin agus ní féidir dul ina aghaidh. Má tharraingíonn scoil a roghnaíodh siar nó mura bhfuil scoil in ann páirt a ghlacadh, áfach, is féidir cuóta na tíre sin a líonadh leis an dara tarraingt randamach as measc scoileanna na tíre sin a fhad agus atá an t-am agus na hacmhainní ann é sin a dhéanamh. Sna cásanna sin, seans nach ndéanfaí an liosta atá foilsithe ar an suíomh gréasáin a nuashonrú, ach cuirfear an scoil ar an eolas go díreach.

3. CLÁRÚ NA RANNPHÁIRTITHE

Má roghnaítear do scoil sa tarraingt leictreonach randamach (féach mír 2), ansin, ní mór do na **rannpháirtithe** (féach mír 3.1) agus a **bpéirí teangacha** (féach mír 3.4) a **chlárú** ar ardán an chomórtais **faoi 12 PM (Am Lár na hEorpa) an 16 Samhain 2021** ar a dhéanaí. Ní féidir na rannpháirtithe ná na péirí teangacha a athrú tar éis an dáta sin. Mura gcuireann tú isteach idir 2-5 rannpháirtithe faoin sprioc-am sin, cuirfear rannpháirtíocht do scoile ar ceal agus tabharfar an deis do scoil eile atá ag fanacht le roghnúchán. Má tharlaíonn sé ar chúis éigin gan choinne nach féidir le do scoil páirt a ghlacadh sa chomórtas, cuir na heagraithe ar an eolas le ríomhphost a luaithe is féidir.

3.1. Clárú na rannpháirtithe ar ardán an chomórtais

Beidh cead ag gach scoil a roghnófar **idir 2-5 rannpháirtí** a chlárú ar ardán an chomórtais ach ní mór dóibh na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- gur **rugadh in 2004** iad, agus
- go bhfuil siad **cláraithe go buan** sa scoil.

Is é is cuspóir do ríail na bliana breithe coinníollacha comhionanna a chruthú do na córais oideachais éagsúla i dtíortha uile an Aontais.

Ní mór don scoil a chur in iúl do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí gach rannpháirtí go mbeidh siad ag glacadh páirt sa chomórtas.

Ní mór don scoil na rannpháirtithe a chlárú ar ardán an chomórtais faoi 12 PM (Am Lár na hEorpa) an **16 Samhain 2021**.

3.2. Conas a roghnófar na rannpháirtithe?

Féadfaidh na scoileanna a gcritéir féin a leagan síos maidir le rannpháirtithe a roghnú, ach ní mór do na critéir sin a bheith soiléir, cóir agus neamh-idirdhealaitheach. Má mheasann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin go raibh critéir a bhí éagórach nó idirdhealaitheach in úsáid ag an scoil, féadfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin cinneadh a dhéanamh an scoil a chur as an áireamh don chomórtas.

3.3. Cad mar gheall ar chosaint sonraí pearsanta?

Cinntoidh AS an Aistriúcháin go ndéanfar aon sonraí pearsanta a gheofar a chosaint i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déanfar ainmneacha na scoileanna agus ainmneacha na mbuaiteoirí náisiúnta agus a n-aistriúchán a fhoilsiú ar líne (féach mír 5) agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí tuairisc sna meáin ar chuairt na mbuaiteoirí chun na Bruiséile don searmanas bronnta.

Tá breis eolais faoin mbealach a gcomhlíonfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin a dualgais maidir le cosaint sonraí pearsanta le fáil i bhfoirm eisiúna *Juvenes Translatores* agus sa [ráiteas príobháideachais](#) atá i gceangal léi. Cuirfear iad sin chuig múinteoirí bhuaiteoirí an chomórtais le ríomhphost.

3.4. Péirí teangacha

Ní mór don scoil péire teangacha **gach rannpháirtí** a shonrú, is é sin an teanga óna n-aistroidh an rannpháirtí agus an teanga a n-aistroidh sé isteach inti. *Bunteanga* = an teanga óna n-aistroidh siad. *Spriotheanga* = an teanga a n-aistroidh siad isteach inti.

Tá cead ag gach rannpháirtí aistriúchán a dhéanamh ó aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais go dtí aon cheann eile de na teangacha sin. Is iad seo teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:

an Bhulgáiris (BG), an Chróitis (HR), an tSeicis (CS), an Danmhairgis (DA), an Ollainnis (NL), an Béarla (EN), an Eastóinis (ET), an Fhionlainnis (FI), an Fhraincis (FR), an Ghearmáinis (DE), an Ghréigis (EL), an Ungáiris (HU), an Ghaeilge (GA), an Iodáilis (IT), an Laitvis (LV), an Liotuáinis (LT), an Mháltais (MT), an Pholainnis (PL), an Phortaingéilis (PT), an Rómáinis (RO), an tSlóvaicis (SK), an tSlóivéinis (SL), an Spáinnis (ES) agus an tSualainnis (SV).

Ní mór an péire teangacha a roghnaíonn gach rannpháirtí a líonadh isteach nuair a chláraítear rannpháirtithe ar ardán an chomórtais. Ní féidir an rogha sin a athrú tar éis spriodhata an 16 Samhain 2021. Mar sin, déan deimhin de go bhfuil an t-eolas sin cruinn.

Molaimid go láidir do rannpháirtithe aistriú *isteach* ina dteanga dhúchais nó an teanga is fearr eolas acu uirthi. Ní mór an teanga sin a bheith ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh atá liostaithe thuas.

COMÓRTAS AISTRIÚCHÁIN

4. AN COMÓRTAS A EAGRÚ AGUS LÁ AN CHOMÓRTAIS FÉIN

Reachtálfar **an comórtas** an **25 Samhain 2021**, idir **10 AM - 12 PM** (Am Lár na hEorpa).

Lá an chomórtais, logálfaidh na rannpháirtithe ar fad isteach ag an am céanna ar ardán an chomórtais lena n-ainm úsáideora agus pasfhocal féin (a bheidh faighte ag an múinteoir atá i gceannas tar éis na rannpháirtithe a chlárú don chomórtas). A luaithe a bheidh na rannpháirtithe logáilte isteach, feicfidh siad láithreach an buntéacs sa teanga a roghnaigh siad ar scáileán a ríomhaire. Féadfaidh siad a n-aistriúchán a chlósscríobh ansin i bhfráma taobh leis an téacs. Le linn dóibh a bheith ag aistriú, ba cheart dóibh cuimhneamh ar an téacs a shábháil go rialta. Nuair a bheidh deireadh déanta acu nó nuair a bheidh an t-am istigh, ní mór do na rannpháirtithe a n-aistriúchán a shábháil agus é a chur isteach ar ardán an chomórtais. Gheobhaidh siad teachtaireacht uathoibríthe lena ndeimhnítear gur cuireadh isteach i gceart a n-aistriúchán agus féadfaidh siad an deimhniú sin a phriontáil amach más mian leo. Beidh an múinteoir atá i gceannas in ann freisin na haistriúcháin a fheiceáil ar ardán an chomórtais faoi ‘Forléargas rannpháirtithe’.

Ní mór an scrúdú aistriúcháin a réachtáil ar áitreabh na scoile agus ní mór é a réachtáil ag an am céanna leis na scoileanna ar fad atá ag glacadh páirte sa chomórtas – idir **10 AM - 12 PM (Am Lár na hEorpa)**.

Ní mór don scoil deimhin a dhéanamh de go bhfuil an teicneolaíocht ar fad i bhfearas ceart oibre agus ní mór di gach iarracht a dhéanamh an scrúdú a réachtáil go cóir agus go neamhchlaonta.

⚠️ Ní mór do na rannpháirtithe a gcuid oibre a dhéanamh ina n-aonar (ní i mbeirteanna ná i bhfoirne) agus níl cead ag na múinteoirí cabhrú leo.

Mar sin féin, féadfaidh scoileanna cead a thabhairt do dhaltáí eile páirt neamhoifigiúil a ghlacadh sa scrúdú (agus a mhacasamhail de chomórtas a eagrú go himmheánach nó leas a bhaint as chun measúnú a dhéanamh ar na daltaí, cuir i gcás), ach ní ceart dóibh na haistriúcháin sin a chur chuig Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin. Ní féidir ardán an chomórtais a úsáid chun na críche sin.

Sula mbeidh **am an scrúdaithe istigh**, ba cheart do na rannpháirtithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a n-aistriúchán a **shábháil** agus a **chur isteach** ar ardán an chomórtais
- agus, más mian leo, é a phriontáil amach.

Murar féidir na haistriúcháin a chur isteach mar atá leagtha amach thuas, ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an scoil orthu, cuir ríomhphost chuig foireann Juvenes Translatores (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu) chun treoracha a fháil.

Ní mór na haistriúcháin a dhéanamh le linn an ama oifigiúil atá sannta don chomórtas. Má tá deacracht theicniúil ag an dalta áfach, a fhágann go bhfuil moill suas le 15 nóiméad nó mar sin air ag tosú, ba cheart cead a bheith aige an méid céanna ama a chaitheamh ag aistriú i ndeireadh an scrúdaithe. Ba cheart dhá uair an chloig a bheith ag gach rannpháirtí chun an t-aistriúchán a dhéanamh. Mar sin féin, má tharlaíonn a leithéid, ní bheidh tú in ann an t-aistriúchán a chur isteach ar ardán an chomórtais 15 nóiméad níos déanaí ná an t-am oifigiúil a shanntar don chomórtas. Sa chás sin, beidh ort é a sheoladh chugainn le ríomhphost (féach thuas) a luaithe a bheidh sé críochnaithe ag an dalta.

⚠ I gcás ina bhfuil fadhb ghinearálta theicniúil ag tús am an chomórtais, nó má tá fadhbanna leanúnacha ann leis an logáil isteach, nó srianta móra eile ort, iarraidimid ort:

- **Fanacht sochair** agus tiocfaimid ar réiteach;
- Féachaint ar ár **leathanach Facebook** <https://www.facebook.com/translatores/> le haghaidh teachtaireachtaí práinneacha nó le haghaidh eolais a chuirfimid in airde le **treoracha**;
- **Cuir tús leis an aistriúchán ar bhealach éagsúil:**
 - **Íoslódáil na buntéacsanna** a bheidh foilsithe ar [shuíomh oifigiúil JT](#) ag tús am an chomórtais, agus
 - **déan an t-aistriúchán i Microsoft Word nó i gclár den chineál sin (glacaimid le haistriúcháin leictreonacha, ní aistriúchán ar pháipéar).**

Ar an gcaoi sin, beidh an rannpháirtí in ann:

- a) **an t-aistriúchán a chóipeáil agus a ghreamú isteach ar ardán an chomórtais** nuair a réitítear an fhadhb theicniúil agus an t-aistriúchán a chur isteach trí ardán an chomórtais ar an mbealach a beartaíodh ón tús; nó
- b) mura réitítear an fhadhb theicniúil roimh dheireadh an chomórtais, is féidir leis an múinteoir **na leaganacha leictreonacha d'aistriúcháin na rannpháirtithe a sheoladh chugainn le ríomhphost** agus déanfaidh foireann JT iad a uaslódáil chuig próifíl an rannpháirtí, rud a chiallaíonn go mbeidh Aistritheoirí na hArd-Stiúrthóireachta in ann measúnú a dhéanamh orthu go léir ar ardán an chomórtais.

A mhéid is féidir, freagróidh foireann JT do chuid ceisteanna agus cuirfidh sí comhairle ar fáil le ríomhphost (DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu) ag gach céim den chomórtas.

4.1. Rannpháirtithe atá faoi mhíchumas

Ní ceadmhach do scoileanna idirdhealú a dhéanamh i leith daltaí atá faoi mhíchumas. Tuigeann foireann Juvenes Translatores go mb'fhéidir gur ghá bearta speisialta a dhéanamh le go bhféadfaidh rannpháirtithe atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa chomórtas go cóir agus go cothrom. Más cosúil go bhféadfaidh na bearta speisialta sin a bheith ag teacht salach ar na rialacha (mar shampla, rannpháirtí atá faoi mhíchumas a mbeadh am breise de dhíth air chun an t-aistriúchán a chríochnú in am), déan teagmháil le foireann Juvenes Translatores agus déan cur síos ar an míchumas féin agus ar na socruithe atá beartaithe le gur féidir iad a údarú roimh ré.

4.2. Cé air a bhfuil socruithe praiticiúla an scrúdaithe de chúram?

Is iad na scoileanna a bheidh freagrach as na scrúduithe a eagrú ar a láthair féin. Is é sin na socruithe praiticiúla uile lá an scrúdaithe, mar atá:

- na rannpháirtithe a chruinniú le chéile san ionad scrúdaithe
- deimhin a dhéanamh de go bhfuil an trealamh teicneolaíochta cuí agus nasc idirlín ag gach rannpháirtí (féach mír 1.4)
- a n-ainm úsáideora/pasfhocal féin a thabhairt do na rannpháirtithe (a sannadh do gach rannpháirtí tráth a gcláraithe) le go mbeidh siad in ann ardán an chomórtais a rochtain agus an téacs a aistriú

- feitheoireacht a dhéanamh ar na rannpháirtithe le linn an scrúdaithe, go háirithe lena chinntiú nach mbainfear úsáid as aon uirlis aistriúcháin a bhfuil cosc uirthi (féach mír 4.3), agus
- deimhin a dhéanamh de go sábhálann na rannpháirtithe a n-aistriúchán féin agus go gcuireann siad isteach é i ndeireadh an chomórtais.

4.3. An bhfuil cead ag na rannpháirtithe foclóirí agus bogearraí aistriúcháin a úsáid i rith an scrúdaithe?

⚠ Is ceadmhach na rudaí seo a leanas a úsáid:

- foclóirí *páipéir* agus/nó foclóirí *ar líne** (*Tabhair do d'aire: ní raibh cead foclóirí ar líne a úsáid i mbabhtáí chomórtas JT roimhe seo, ach beidh i mbliana agus amach anseo.)

Is uirlisí fíor-riachtanacha gairmiúla iad foclóirí, agus dá bhrí sin, **is ceadmhach do rannpháirtithe foclóirí páipéir agus/nó foclóirí ar líne a úsáid**. Is ceadmhach idir fhoclóirí aonteangacha agus fhoclóirí dátheangacha a úsáid.

⚠ Ní ceadmhach na rudaí seo a leanas a úsáid:

- seiceálaithe litrithe
- uirlisí aistriúchán ríomhchuidithe
- meaisínáistriúchán (e.g. Google Translate)

Má bhaintear úsáid as aon cheann de na huirlisí sin thuas, déanfar an t-aistriúchán lena mbaineann a dhícháiliú.

5. NA HAISTRIÚCHÁIN A MHEAS AGUS A FHOILSIÚ

5.1. Measúnú

Déanfaidh painéal aistritheoirí agus athbhreithneoirí gairmiúla in AS an Aistriúcháin measúnú ar gach aistriúchán.

I ndiaidh an mheasúnaithe, déanfaidh grúpa moltóirí, faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, **an t-aistriúchán is fearr as gach Ballstát a roghnú**.

Is cinntí críochnaitheacha iad cinntí an phainéil agus na moltóirí. Féadfaidh sé go ndéanfar cóipeanna de na haistriúcháin agus de na measúnuithe a rinneadh orthu agus go n-úsáidfear go himmheánach in institiúidí an Aontais Eorpaigh iad mar chuid de sheisiúin oiliúna maidir le conas aistriúcháin a mheas. Foilseofar na haistriúcháin bhuaiteacha ar [shuíomh gréasáin oifigiúil JT](#).

Beidh obair agus plé an phainéil agus an ghrúpa moltóirí faoi rún. Ní eiseofar marcanna daltaí aonair agus ní chuirfear ar fáil nótaí tráchta le haghaidh gach aistriúchán aonair.

Féadfar **moltaí speisialta** a sheoladh amach chuig cuid de na rannpháirtithe má bhíonn a gcuid aistriúchán ar chaighdeán fíor-ard. Cuirfear na múinteoirí lena mbaineann ar an eolas

faoi sin go déthaobhach le ríomhphost. Déanfar é sin tar éis na buaiteoirí a fhógairt faoi dheireadh Feabhra 2022.

Cuirfear **teastas rannpháirtíochta** chuig gach rannpháirtí. Go gairid tar éis lá an chomórtais, seolfar ríomhphost chuig na scoileanna go léir a ghlac páirt sa chomórtas ina mbeidh nasc chuig ardán an chomórtais, áit inar féidir teastas rannpháirtíochta a íoslódáil le haghaidh gach dalta a chuir isteach aistriúchán.

5.2. Cé na critéir a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar na haistriúcháin?

Úsáidfidh an painéal critéir atá cosúil leis na critéir a úsáidtear chun aistriúcháin a dhéantar in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin a mheas, mar atá:

- cruinneas an aistriúcháin
- an cumas scríobh go cruinn (gramadach agus úsáid nathanna cainte)
- an cumas scríobh go líofa, agus
- cruthaitheacht na seifteanna aistriúcháin ar baineadh úsáid astu.

Féadfaidh an painéal aon aistriúchán a dhícháiliú má chreideann sé nach ndearnadh faoi dhálaí córa neamhchlaonta é, mar shampla más cosúil gur baineadh úsáid as aon uirlis aistriúcháin a bhfuil cosc uirthi (féach mír 4).

5.3. Fógairt na mbuaiteoirí agus an fhoirm eisiúna

Fógrófar liosta na **mbuaiteoirí** faoi thús **Feabhra 2022**.

Seolfaidh foireann JT foirm eisiúna chuig scoil an bhuaiteora, agus beidh ar an scoil **í a chló, í a thabhairt don dalta agus daoine eile** (féach thíos) **lena síniú agus í a chur ar ais** chuig na heagraithe faoin sprioc-am, in éineacht le cóip bhailí de **dhoiciméad aitheantais** an dalta.

Ní mór do na daoine seo a leanas an fhoirm eisiúna a shíniú:

- an dalta, agus
- tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) an dalta (*má bhíonn an dalta faoi bhun 18 mbliana d'aois tráth an turais chun na Bruiséile*).

Ar líonadh isteach na foirme dóibh, aontóidh an dalta agus tuismitheoir(i) nó caomhnóir(i) an dalta leis an méid seo a leanas:

- go bhfoilsítear an t-aistriúchán ar shuíomh gréasáin oifigiúil JT agus féadfaidh sé go ndéanfar cóipeanna de agus go n-úsáidfear go hinmheánach in institiúidí an Aontais Eorpaigh é mar chuid de sheisiúin oiliúna maidir le conas aistriúcháin a mheas;
- go gceadófar don dalta dul chun na Bruiséile don searmanas bronnta;

- go bhféadfar grianghraif agus fistaifeadtaí ón searmanas bronnta agus ón gcuairt chun na Bruiséile a fhoilsiú ar [shuíomh gréasáin oifigiúil JT](#) agus ar na meáin shóisialta, agus
- go dtiocfaidh tuismitheoir nó caomhnóir leis an dalta chuig an searmanas bronnta sa Bhruiséil.

Inár [ráiteas príobháideachais](#) atá ceangailte leis an bhfoirm eisiúna, sonraítear an chaoi a mbaileofar, a bpróiseálfar agus a n-úsáidfear sonraí pearsanta, i gcomhréir dhlúth leis an reachtaíocht is infheidhme.

AN SEARMANAS BRONNTA

6. AN SEARMANAS BRONNTA

Tabharfar cuireadh do gach buaiteoir, agus do dhuine fásta tionlacain amháin agus do mhúinteoir amháin in aghaidh an bhuaiteora, freastal ar shearmanas bronnta sa Bhruiséil in earrach 2022.

Má bhíonn an dalta faoi bhun 18 mbliana tráth an tsearmanais sa Bhruiséil, ní mór do thuismitheoir, do chaomhnóir nó do dhuine a bheidh ceadaithe ag a dtuismitheoir nó caomhnóir, an dalta a thionlacan agus freagracht iomlán a ghlacadh as féin agus as an dalta le linn an turais agus na cuairte.

Déanfaidh an Coimisiún socruithe taistil an bhuaiteora agus íocfaidh sé as an taisteal féin¹, an lóistín agus roinnt béilí. Cé is moite den árachas ginearálta a chlúdaíonn cuairteoirí chuig foirgnimh an Choimisiúin, ní dhéanfaidh an Coimisiún aon árachas eile a shocrú don turas ná don chuairt chun na Bruiséile ná ní íocfaidh sé as. Faoin mbuaiteoir, faoin múinteoir agus faoin duine fásta tionlacain atá sé gach doiciméad taistil a bheidh riachtanach don turas a chur ar fáil.

7. COSTAIS

Is iad na scoileanna a sheasfaidh costas eagrú na scrúduithe agus a chuirfidh na háiseanna don scrúdú ar fáil.

8. LÉIRMHÍNIÚ AR NA RIALACHA AGUS AR NA TREORACHA

Is léirmhíniú críochnaitheach é léirmhíniú AS an Aistriúcháin ar rialacha an chomórtais.

¹ Íocfaidh an Coimisiún as costais taistil gach buaiteora óna thír dhúchais chun a óstáin sa Bhruiséil ach ní chuimsíonn sé sin turais ghearra i dtír dhúchais na mbuaiteoirí, cuir i gcás an turas go dtí an t-aerfort/an stáisiún traenach.

An bhfuil tuilleadh eolais uait?

- Suíomh gréasáin oifigiúil *Juvenes Translatores*: [*Juvenes Translatores*](#)
- Seol ceisteanna chuig foireann *Juvenes Translatores*: DGT-translatores@ec.europa.eu
- Cuir fios ar an duine teaghála in oifig an Choimisiúin i do thír féin (oifigí áitiúla): http://ec.europa.eu/info/dg-translation-local-offices_en
- Facebook: [Juvenes Translatores](#)
- Instagram: [TranslatingforEurope](#)